II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/308 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Feabhra 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí ainmhithe den chineál fia idir na Ballstáit

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 146(2) agus Airteagal 156(2), an chéad fhomhír, pointí (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún ([2]), i measc nithe eile, bunaítear deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún idir na Ballstáit.

(2) Go háirithe, foráiltear le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 maidir leis na deimhnithe sláinte ainmhithe atá le húsáid i ndáil le gluaiseachtaí catagóirí áirithe crúbach idir na Ballstáit, go mbeidh na deimhnithe sin ag freagairt do cheann de na samhlacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, ag brath ar na speicis lena mbaineann. Leagtar amach i gCaibidlí 11 agus 12 den Iarscríbhinn sin, faoi seach, deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le gluaiseachtaí ainmhithe den chineál fia idir na Ballstáit, ar ainmhithe iad nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú (samhail "CER-INTRA-X"), agus gluaiseachtaí ainmhithe den chineál fia idir na Ballstáit, ar ainmhithe iad a bhfuil sé beartaithe iad a mharú (samhail "CER-INTRA-Y").

(3) Maidir le hIarscríbhinní VIII agus IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), leasaíodh iad le déanaí le Rialachán (AE) 2022/2246 ón gCoimisiún ([4]) chun srian a chur le gluaiseachtaí ainmhithe den chineál fia i gcomhar le gníomhaíocht an duine idir an Iorua, ar tír í atá thíos faoi láthair le ráigeanna de ghalar sirg ainsealach (GSA) sna hainmhithe sin, chomh maith leis na Ballstáit sin atá thíos le

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha a thabhairt isteach san Aontas agus a ngluaiseachtaí idir na Ballstáit, agus deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE (IO L 113, 31.3.2021, lch. 1).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha chun einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE) 2022/2246 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní VIII agus IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le galar sirg ainsealach in ainmhithe beo den chineál fia (IO L 295, 16.11.2022, lch. 1).

ráigeanna GSA faoi láthair, agus na Ballstáit eile nach ndéanann GSA difear dóibh. Tá gá leis an srian gluaiseachta sin chun leathadh GSA san Aontas a chosc. Dá réir sin, ba cheart samhlacha "CER-INTRA-X" agus "CER-INTRA-Y" a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 a leasú chun an srian gluaiseachta sin a léiriú.

(4) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 a leasú dá réir sin.

(5) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/403 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Feabhra 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidlí 11 agus 12:

"Caibidil 11

Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht ainmhithe DEN CHINEÁL FIA idir na Ballstáit, ar ainmhithe iad NACH BHFUIL SÉ BEARTAITHE iad a mharú (samhail "CER-INTRA-X")

AN tAONTAS EORPACH						INTRA
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2** **I.2a** **I.3** **I.4**	**Tagairt IMSOC** **Tagairt áitiúil** **Príomhúdarás Inniúil** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**Oibreoir a dhéanann oibríochtaí cóimeála neamhspleách ar bhunaíocht** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**	Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**	Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Cóir iompair** ☐ Soitheach ☐ Iarnród Aitheantas Doiciméad	☐ Aerárthach ☐ Feithicil bhóthair ☐ Eile	**I.16** **I.17**	**Iompróir** Ainm Seoladh Tír **Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála	Uimh. Chlárúcháin/Údaraithe Cód tíre ISO Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	☐ Comhthimpeallach	☐ Fuaraithe	☐ Reoite	
	I.19	**Uimhir an choimeádáin/Uimhir an tséala** Uimh. an choimeádáin	Uimhir an tséala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh**				
	☐ Le coimeád thairis sin	☐ Marú	☐ Bunaíocht theoranta	☐ Táirgí geirmeacha		
	☐ Each-ainmhí cláraithe	☐ Sorcas taistil/seó ainmhí	☐ Taispeántas	☐ Teagmhas nó gníomhaíocht gar do theorainneacha		
	☐ Scaoileadh amach san fhiántas	☐ Lárionad seolta	☐ Limistéar an athsheachadta/lárionad íonúcháin	☐ Feirm dhobharshaothraithe ornáideach		
	☐ Tuilleadh próiseála	☐ Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach	☐ Slándáil theicniúil	☐ Coraintín nó bunaíocht chomhchosúil		
	☐ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine	☐ Pailniú	☐ Ainmhithe uisceacha beo lena gcaitheamh ag an duine	☐ Eile		
	I.21	☐ **Le hiompar trí thríú tír** Tríú tír Pointe scoir Pointe iontrála	Cód tíre ISO Cód BCP Cód BCP			
	I.22	☐ **Le hiompar trí Bhallstát/Bhallstáit**		**I.23**	☐ **Le honnmhairiú**	
	Ballstát	Cód tíre ISO		Tríú tír	Cód tíre ISO	
	Ballstát	Cód tíre ISO		Pointe scoir	Cód BCP	
	Ballstát	Cód tíre ISO				

I.24	**Tréimhse mheasta an turais**			**I.25**	**Loga an turais**	☐ ar fáil	☐ níl sé ar fáil
I.26	**Líon iomlán pacáistí**			**I.27**	**Cainníocht iomlán**		
I.28	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**			**I.29**	**Spás iomlán atá á mheas don choinsíneacht**		
I.30	**Tuairisc ar an gcoinsíneacht**						
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht Cineál
An réigiún tionscnaimh		Fuar-stóras		Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas		Cineál cóireála		Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
		An dáta bailithe/táirgthe		Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Tástáil	

AN tAONTAS EORPACH			Samhail deimhnithe CER-INTRA-X
	II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Cuid II: Deimhniú

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

II.1. Na hainmhithe den chineál fia [1] de chuid na coinsíneachta ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, comhlíonann siad na ceanglais seo a leanas:

II.1.1. Sainaithnítear iad mar a fhoráiltear in Airteagail 73 nó 74 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún.

II.1.2. Ar feadh na tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta, nó ó rugadh iad, má tá siad níos óige ná 30 lá d'aois,

II.1.2.1. bhí cónaí orthu go leanúnach sa bhunaíocht tionscnaimh;

II.1.2.2. ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe den chineál fia ar coimeád ag a raibh stádas sláinte níos ísle agus ní raibh siad faoi réir srianta gluaiseachta ar chúiseanna sláinte ainmhithe;

II.1.2.3. ní raibh siad i dteagmháil dhíreach ná indíreach le hainmhithe ar coimeád a tugadh isteach san Aontas ó thríú tír nó ó chríoch le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta imeachta na coinsíneachta.

II.1.3. Níor léirigh siad aon chomhartha cliniciúil ná aon siomptóm galar a liostaítear d'ainmhithe den chineál fia le linn an scrúdaithe chliniciúil, arna dhéanamh laistigh den tréimhse 24 uair an chloig roimh dháta imeachta na coinsíneachta, an ……. (*cuir isteach an dáta ll/mm/bbbb*).

II.2. De réir faisnéis oifigiúil, comhlíonann na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I na ceanglais sláinte seo a leanas:

II.2.1. Ní thagann siad ó bhunaíochtaí atá faoi réir srianta gluaiseachta a dhéanann difear don speiceas nó atá suite i gcrios teoranta arna bhunú ar chúiseanna galar a liostaítear le haghaidh ainmhithe den chineál fia.

II.2.2. Tagann siad ó bhunaíochtaí nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* ná *B. suis* iontu in ainmhithe den chineál fia le linn na tréimhse 42 lá roimh dháta imeachta na coinsíneachta.

II.2.3. Tagann siad ó bhunaíochtaí ina ndearnadh faireachas maidir le hionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis (M. bovis, M. caprae* agus *M. tuberculosis)* ar na hainmhithe den chineál fia a coimeádadh sna bunaíochtaí le linn na tréimhse 12 mhí ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta, dá dtagraítear in Airteagal 26(1), pointe (e) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún.

II.2.4. Tagann siad ó bhunaíochtaí nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas an chonfaidh in ainmhithe talún ar coimeád le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta imeachta na coinsíneachta.

II.2.5. Tagann siad ó bhunaíochtaí atá suite i limistéar dar ga 150 km ar a laghad láraithe ar na bunaíochtaí sin nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh in aon bhunaíocht le linn na tréimhse 2 bhliain roimh dháta imeachta na coinsíneachta.

II.2.6. Tagann siad ó bhunaíochtaí nár tuairiscíodh gurbh ann d'antrasc i gcrúbaigh le linn na tréimhse 15 lá roimh dháta imeachta na coinsíneachta.

AN tAONTAS EORPACH	Samhail deimhnithe CER-INTRA-X

II.2.7. Tagann siad ó bhunaíochtaí nár tuairiscíodh gurbh ann do surra (ionfhabhtú le *Trypanosoma evansi*) le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta imeachta na coinsíneachta, agus:

(2) *cibé acu [* nár tuairiscíodh surra sna bunaíochtaí le linn na tréimhse 2 bhliain a chuaigh thart roimh dháta imeachta na coinsíneachta.]

(2) *nó [* tuairiscíodh gurbh ann do surra le linn na tréimhse 2 bhliain roimh dháta imeachta na coinsíneachta, tar éis dháta na ráige deireanaí d'fhan na bunaíochtaí dá ndearnadh difear faoi shrianta gluaiseachta go dtí:

— an dáta a baineadh na hainmhithe ionfhabhtaithe de na bunaíochtaí, agus

— an dáta a cuireadh na hainmhithe a bhí fágtha sna bunaíochtaí faoi thástáil le haghaidh surra le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis do na hainmhithe ionfhabhtaithe a bheith bainte de na bunaíochtaí.]

(2) cibé acu [II.2.8. Tagann siad ó Bhallstát nó ó chrios de Bhallstát atá saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24), áit nach ndearnadh aon chás ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) a dheimhniú sa daonra ainmhithe spriocdhírithe le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus níor vacsaíníodh iad le vacsaín bheo in aghaidh ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) le linn na tréimhse 60 lá roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus comhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 32(1), pointí (a), (b) nó (c), nó in Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.]

(2) agus/nó [II.2.8. Tagann siad ó Bhallstát nó ó chrios de a chumhdaítear leis an gclár díothúcháin maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus comhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 32(1), pointí (a), (b) nó (c), nó in Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus:

(2) cibé acu [II.2.8.1. a coimeádadh iad i mBallstát nó i gcrios de atá saor go séasúrach ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) i gcomhréir le hAirteagal 40(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún:

(2) cibé acu [II.2.8.1.1. ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]]

(2) agus/nó [II.2.8.1.2. ar feadh na tréimhse 28 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú le linn na tréimhse 28 lá ar a laghad tar éis dháta theacht isteach an ainmhí sa Bhallstát nó sa chrios den Bhallstát atá saor go séasúrach ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24);]]

(2) agus/nó [II.2.8.1.3. ar feadh tréimhse 14 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus cuireadh faoi thástáil PCR iad, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú le linn na tréimhse 14 lá ar a laghad tar éis dháta theacht isteach an ainmhí sa Bhallstát nó sa chrios den Bhallstát atá saor go séasúrach ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24);]]]

AN tAONTAS EORPACH	Samhail deimhnithe CER-INTRA-X
	[(2)] agus/nó [II.2.8.2. rinneadh iad a chosaint ar ionsaithe ó veicteoirí le linn dóibh a bheith á n-iompar chuig an gceann scríbe agus coimeádadh cosanta ar ionsaithe ó veicteoirí iad i mbunaíocht atá cosanta ar veicteoirí: [(2)] cibé acu [II.2.8.2.1. ar feadh na tréimhse 60 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]] [(2)] agus/nó [II.2.8.2.2. ar feadh na tréimhse 28 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú le linn na tréimhse 28 lá ar a laghad tar éis dháta tosaigh na tréimhse cosanta ar ionsaithe ó veicteoirí;]] [(2)] agus/nó [II.2.8.2.3. ar feadh na tréimhse 14 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil PCR, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú le linn na tréimhse 14 lá ar a laghad tar éis dháta tosaigh na tréimhse cosanta ar ionsaithe ó veicteoirí;]]] [(2)] agus/nó [II.2.8.3. vacsaíníodh iad in aghaidh na séiritíopaí sin ó 1 go 24, ar séiritíopaí ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga iad ar tuairiscíodh gurbh ann dóibh le linn na tréimhse 2 bhliain sa Bhallstát sin nó i gcrios de roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus tá siad laistigh den tréimhse imdhíonachta arna ráthú i sonraíochtaí na vacsaíne, agus: [(2)] cibé acu [II.2.8.3.1. vacsaíníodh iad le linn na tréimhse 60 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]] [(2)] agus/nó [II.2.8.3.2. vacsaíníodh iad le vacsaín dhíghníomhaithe agus cuireadh faoi thástáil PCR iad, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú le linn na tréimhse 14 lá ar a laghad tar éis dháta tosaithe na himdhíonachta a leagtar síos i sonraíochtaí na vacsaíne;]]] [(2)] agus/nó [II.2.8.4. cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad, agus torthaí dearfacha uirthi, lenar féidir antasubstaintí sonracha in aghaidh gach steiréitíopa 1-24 den ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga a bhrath ar tuairiscíodh gurbh ann dó sa Bhallstát sin nó i gcrios de le linn na tréimhse 2 bhliain roimh dháta imeachta na coinsíneachta, agus: [(2)] cibé acu [II.2.8.4.1. rinneadh an tástáil shéireolaíoch ar shamplaí arna mbailiú le linn na tréimhse 60 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]] [(2)] agus/nó [II.2.8.4.2. rinneadh an tástáil shéireolaíoch ar shamplaí arna mbailiú le linn na tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus cuireadh an t-ainmhí faoi thástáil PCR, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú le linn na tréimhse tráth nach luaithe ná 14 lá roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]]] [(2)] agus/nó [II.2.8. Is de thionscnamh Ballstát iad, nó crios de, nach bhfuil saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) ná nach gcumhdaítear leis an gclár díothúcháin maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus comhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 32(1), pointí (a), (b) nó (c), nó in Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus:

AN tAONTAS EORPACH	Samhail deimhnithe CER-INTRA-X
	[2] cibé acu [II.2.8.1. rinneadh iad a chosaint ar ionsaithe ó veicteoirí le linn dóibh a bheith á n-iompar chuig an gceann scríbe agus coimeádadh cosanta ar ionsaithe ó veicteoirí iad i mbunaíocht atá cosanta ar veicteoirí: [2] cibé acu [II.2.8.1.1. ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]] [2] agus/nó [II.2.8.1.2. ar feadh na tréimhse 28 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú le linn na tréimhse 28 lá ar a laghad tar éis dháta tosaigh na tréimhse cosanta ar ionsaithe ó veicteoirí;]] [2] agus/nó [II.2.8.1.3. ar feadh na tréimhse 14 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil PCR, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú le linn na tréimhse 14 lá ar a laghad tar éis dháta tosaigh na tréimhse cosanta ar ionsaithe ó veicteoirí;]]] [2] agus/nó [II.2.8.2. coimeádadh iad ar feadh na tréimhse 60 lá roimh dháta imeachta na coinsíneachta i mbunaíocht atá suite i mBallstát nó i limistéar dar ga 150 km ar a laghad láraithe ar an mbunaíocht, áit a ndearnadh faireachas le linn na tréimhse sin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i gCuid II de Chaibidil 1, Ranna 1 agus 2, d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, agus: [2] cibé acu [II.2.8.2.1. vacsaíníodh na hainmhithe in aghaidh na séiritíopaí sin ó 1 go 24, ar séiritíopaí ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga iad ar tuairiscíodh gurbh ann dóibh le linn na tréimhse 2 bhliain roimh dháta imeachta na coinsíneachta i limistéar dar ga 150 km ar a laghad láraithe ar an áit ina raibh na hainmhithe á gcoimeád agus tá siad laistigh den tréimhse imdhíonachta arna ráthú i sonraíochtaí na vacsaíne, agus: [2] cibé acu [II.2.8.2.1.1. vacsaíníodh iad le linn na tréimhse is faide ná 60 lá roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]]] [2] agus/nó [II.2.8.2.1.2. vacsaíníodh iad le vacsaín dhíghníomhaithe agus cuireadh faoi thástáil PCR iad, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 14 lá ar a laghad tar éis dháta tosaithe na himdhíonachta a leagtar síos i sonraíochtaí na vacsaíne;]]] [2] agus/nó [II.2.8.2.2. imdhíonadh na hainmhithe ar na séiritíopaí sin ó 1 go 24, ar séiritíopaí ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga iad ar tuairiscíodh gurbh ann dóibh le linn na tréimhse 2 bhliain roimh dháta imeachta na coinsíneachta i limistéar dar ga 150 km ar a laghad láraithe ar an áit ina raibh na hainmhithe á gcoimeád, agus: [2] cibé acu [II.2.8.2.2.1. cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch, agus torthaí dearfacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú le linn na tréimhse 60 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]]]

AN tAONTAS EORPACH	Samhail deimhnithe CER-INTRA-X

[(2) agus/nó [II.2.8.2.2.2. cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch, agus torthaí dearfacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú le linn na tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus faoi thástáil PCR, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú le linn na tréimhse tráth nach luaithe ná 14 lá roimh dháta imeachta na coinsíneachta.]]]]

[(2) agus/nó [II.2.8. Ní chomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointí 1 go 3, d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 agus d'údaraigh údarás inniúil an Bhallstáit tionscnaimh gluaiseacht na n-ainmhithe sin chuig Ballstát eile nó chuig crios de:

[(2) cibé acu [II.2.8.1. ag a bhfuil an stádas saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus chuir an Ballstát cinn scríbe an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas go bhfuil an ghluaiseacht sin údaraithe faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 43(2)(a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, agus sna háiteanna seo a leanas:

[(2) cibé acu [II.2.8.1.1. Cuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 5, d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin;]]

[(2) agus/nó [II.2.8.1.2. Cuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 6, d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin;]]

[(2) agus/nó [II.2.8.1.3. Cuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 7, d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin;]]

[(2) agus/nó [II.2.8.1.4. Cuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 8, d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin, agus go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 32(1), pointí (a), (b) nó (c), nó Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 33 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688;]]]]

[(2) agus/nó [II.2.8.2. le clár díothúcháin formheasta maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus chuir an Ballstát cinn scríbe an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas go bhfuil an ghluaiseacht sin údaraithe faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 43(2), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 agus sna háiteanna seo a leanas,

[(2) cibé acu [II.2.8.2.1. Cuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 5, d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin;]]

[(2) agus/nó [II.2.8.2.2. Cuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 6, d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin;]]

[(2) agus/nó [II.2.8.2.3. Cuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 7, d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin;]]

[(2) agus/nó [II.2.8.2.4. Cuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 8, d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin, agus go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 32(1), pointí (a), (b) nó (c), nó in Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 33 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688;]]]]

[(2) agus/nó [II.2.8.3. nach bhfuil saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) ná nach gcumhdaítear leis an gclár díothúcháin maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus chuir an Ballstát cinn scríbe an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas go bhfuil an ghluaiseacht sin údaraithe:

[(2) cibé acu [II.2.8.3.1. gan aon choinníollacha;]]

AN tAONTAS EORPACH	Samhail deimhnithe CER-INTRA-X

[2] agus/nó [II.2.8.3.2. faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i gCuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689;]]

[2] agus/nó [II.2.8.3.3. faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i gCuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689;]]

[2] agus/nó [II.2.8.3.4. faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i gCuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689;]]

[2] agus/nó [II.2.8.3.5. faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i gCuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, agus go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 32(1), pointí (a), (b) nó (c), nó in Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 33 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.]]]

II.2.9. Maidir le galar sirg ainsealach (GSA), tá an méid seo fíor ina leith:

[2] cibé acu [II.2.9.1. aistrítear iad ó Bhallstát seachas Ballstát a liostaítear i gCaibidil A, Roinn C, pointe 1.1, d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.]

[2] nó [II.2.9.2. is réinfhianna leathcheansaithe iad a aistrítear ón Iorua go dtí limistéar san Fhionlainn a liostaítear i gCaibidil A, Roinn C, pointe 1.2(a), d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 le haghaidh innilt shéasúrach san Fhionlainn.]

[2] nó [II.2.9.3. is réinfhianna leathcheansaithe iad a aistrítear ón Iorua go dtí limistéar sa tSualainn a liostaítear i gCaibidil A, Roinn C, pointe 1.2(b), d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 tar éis innilt shéasúrach san Iorua, nó tar éis páirt a ghlacadh in imeachtaí spóirt nó cultúrtha san Iorua, nó le haghaidh innilt shéasúrach sa tSualainn, nó le haghaidh imeachtaí spóirt nó cultúrtha sa tSualainn, agus tá toiliú i scríbhinn tugtha ag údarás inniúil na Sualainne roimh ré maidir leis an ngluaiseacht sin.]

[2] nó [II.2.9.4. is réinfhianna leathcheansaithe iad atá tar éis innilt san Iorua sa limistéar atá idir an teorainn idir an Iorua agus an Fhionlainn, agus Fál Réinfhia na hIorua-na Fionlainne agus atá ag filleadh ar an bhFionlainn.]

[2] nó [II.2.9.5. aistrítear iad ó limistéar san Iorua go dtí limistéar eile san Iorua le hidirthuras tríd an tSualainn nó tríd an bhFionlainn, agus tá toiliú i scríbhinn tugtha ag údarás inniúil na Sualainne nó na Fionlainne roimh ré i scríbhinn maidir leis an idirthuras sin.]

[2] nó [II.2.9.6. aistrítear iad ó limistéar sa tSualainn a liostaítear i gCaibidil A, Roinn C, pointe 1.2 (b), d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 go dtí an Iorua, agus tá toiliú i scríbhinn tugtha ag údarás inniúil na hIorua roimh ré maidir leis an ngluaiseacht sin.]

[2] nó [II.2.9.7. is réinfhianna foraoise iad a aistrítear ó limistéar sa tSualainn a liostaítear i gCaibidil A, Roinn C, pointe 1.2(b), d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 go dtí an Fhionlainn, agus tá toiliú i scríbhinn tugtha ag údarás inniúil na Fionlainne roimh ré maidir leis an ngluaiseacht sin.]

[2] nó [II.2.9.8. aistrítear iad ó limistéar i mBallstát a liostaítear i gCaibidil A, Roinn C, pointe 1.1, d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, seachas limistéar a liostaítear i gCaibidil A, Roinn C, pointe 1.2, d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán sin, chuig Ballstát eile a liostaítear i gCaibidil A, Roinn C, pointe 1.1, d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán sin, nó chuig an Iorua, agus tá toiliú i scríbhinn tugtha ag an údarás inniúil cinn scríbe roimh ré maidir leis an ngluaiseacht sin.]

AN tAONTAS EORPACH	Samhail deimhnithe CER-INTRA-X

[2] nó [II.2.9.9. aistrítear iad ó bhunaíocht theoranta, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(48) de Rialachán (AE) 2016/429, i mBallstát a liostaítear i gCaibidil A, Roinn C, pointe 1.1, d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, go bunaíocht theoranta, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(48) de Rialachán (AE) 2016/429, i mBallstát eile, agus tá toiliú i scríbhinn tugtha ag údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe roimh ré maidir leis an ngluaiseacht sin.]

[2][II.2.10. Aistrítear iad chuig Ballstát nó chuig crios de ag a bhfuil an stádas saor ó rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch nó ina bhfuil clár formheasta maidir le rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch a dhíothú i mbó-ainmhithe agus tagann siad ó bhunaíocht nár tuairiscíodh rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch inti in ainmhithe den chineál fia le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta imeachta na coinsíneachta.]

II.3. De réir mar is fearr is eol dom agus mar a dhearbhaigh an t-oibreoir, tagann na hainmhithe ó bhunaíochtaí nach raibh aon mhortlaíocht neamhghnách lena bhfuil cúis neamhchinntithe iontu.

II.4. Déantar socruithe chun an choinsíneacht a iompar i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.

II.5. Tá an deimhniú sláinte ainmhithe seo bailí ar feadh 10 lá tar éis dháta a eisiúna. I gcás ina n-iompraítear ainmhithe ar uiscebhealach/ar muir, féadfar síneadh a chur le tréimhse bhailíochta an deimhnithe ar feadh an turais ar uiscebhealach/ar muir.

[2] [3][II.6. Ón dáta a d'fhág siad a mbunaíochtaí tionscnaimh agus sular tháinig siad chuig an mbunaíocht seo arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil, ní dhearnadh níos mó ná dhá oibríocht tionóil ar aon cheann d'ainmhithe na coinsíneachta, agus:

[2] *cibé acu* [tagann siad óna mbunaíochtaí tionscnaimh.]]

[2] *nó* [rinneadh oibríocht tionóil amháin ar cheann amháin ar a laghad d'ainmhithe na coinsíneachta i mbunaíocht fhormheasta.]]

[2] *nó* [rinneadh dhá oibríocht tionóil ar cheann amháin ar a laghad d'ainmhithe na coinsíneachta sna bunaíochtaí formheasta.]]

Fianú leasa ainmhithe

Ag tráth an iniúchta, na hainmhithe a chumhdaítear leis an deimhniú sláinte seo, bhí siad oiriúnach lena n-iompar i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle ar an turas a bhí beartaithe dóibh a bhí le tosú an …… *(cuir isteach an dáta).*

Nótaí:

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú sláinte ainmhithe seo.

Déanfar an deimhniú sláinte ainmhithe sin a chomhlánú i gcomhréir leis na nótaí a bhaineann le comhlíonadh na ndeimhnithe dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

AN tAONTAS EORPACH	**Samhail deimhnithe CER-INTRA-X**
	Cuid I: Tagairt bhosca I.11: "Áit seolta": Sonraigh bunaíocht thionscnamh na n-ainmhithe sa choinsíneacht nó bunaíocht arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil i gcomhréir le hAirteagail 97 agus 99 de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Tagairt bhosca I.12: "Ceann scríbe": Sonraigh bunaíocht cheann scríbe críochnaitheach na coinsíneachta nó bunaíochta arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil i gcomhréir le hAirteagail 97 agus 99 de Rialachán (AE) 2016/429. Tagairt bhosca I.17: "Doiciméid tionlacain": I gcás ina ndéantar na hainmhithe a sheoladh ó bhunaíocht arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil sa Bhallstát tionscnaimh, féadfar uimhir thagartha nó uimhreacha tagartha an doiciméid oifigiúil nó na ndoiciméad oifigiúil, bunaithe ar cá n-eisítear an deimhniú sláinte ainmhithe le haghaidh na coinsíneachta sa bhunaíocht sin arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil, shonrú. I gcás ina ndéantar na hainmhithe a sheoladh ó bhunaíocht arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil sa Bhallstát trasnaithe, ní mór uimhir thagartha nó uimhreacha tagartha an doiciméid oifigiúil nó na ndoiciméad oifigiúil, bunaithe ar cá n-eisítear an deimhniú sláinte ainmhithe le haghaidh na coinsíneachta sin sa bhunaíocht seo arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil, a shonrú. Tagairt bhosca I.30: "Uimhir aitheantais": Sonraigh cóid aitheantais na n-ainmhithe sa choinsíneacht a sainaithníodh i gcomhréir le hAirteagail 73 nó 74 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035. **Cuid II:** (1) Is féidir le hainmhí amháin nó níos mó a bheith sa choinsíneacht. (2) Scrios murab infheidhme. (3) Is infheidhme i gcás ina seoltar an choinsíneacht ón mbunaíocht arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil.
	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Cáilíocht agus teideal Ainm an Aonaid Rialaithe Áitiúil Cód an Aonaid Rialaithe Áitiúil Dáta Stampa Síniú

Caibidil 12

Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht ainmhithe DEN CHINEÁL FIA idir na Ballstáit, ar ainmhithe iad a bhfuil sé BEARTAITHE iad a mharú (samhail "CER-INTRA-Y")

AN tAONTAS EORPACH					INTRA
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	I.1 Coinsíneoir Ainm Seoladh Tír — Cód tíre ISO		I.2 Tagairt IMSOC I.2a Tagairt áitiúil I.3 Príomhúdarás Inniúil I.4 Údarás Inniúil Áitiúil		CÓD QR
	I.5 Coinsíní Ainm Seoladh Tír — Cód tíre ISO		I.6 Oibreoir a dhéanann oibríochtaí cóimeála neamhspleách ar bhunaíocht Ainm — Uimh. Chlárúcháin Seoladh Tír — Cód tíre ISO		
	I.7 An tír thionscnaimh — Cód tíre ISO		I.9 An tír chinn scríbe — Cód tíre ISO		
	I.8 An réigiún tionscnaimh — Cód		I.10 An réigiún cinn scríbe — Cód		
	I.11 Áit seolta Ainm — Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír — Cód tíre ISO		I.12 Ceann scríbe Ainm — Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír — Cód tíre ISO		
	I.13 Áit luchtaithe		I.14 Dáta agus am imeachta		
	I.15 Cóir iompair ☐ Soitheach — ☐ Aerárthach ☐ Iarnród — ☐ Feithicil bhóthair Aitheantas — ☐ Eile Doiciméad		I.16 Iompróir Ainm — Uimh. Chlárúcháin/Údaraithe Seoladh Tír — Cód tíre ISO I.17 Doiciméid tionlacain Cineál — Cód Tír — Cód tíre ISO Tagairt doiciméid tráchtála		
	I.18 Coinníollacha iompair — ☐ Comhthimpeallach — ☐ Fuaraithe — ☐ Reoite				
	I.19 Uimhir an choimeádáin/Uimhir an tséala Uimh. an choimeádáin — Uimhir an tséala				
	I.20 Deimhnithe mar nó le haghaidh ☐ Le coimeád thairis sin — ☐ Marú — ☐ Bunaíocht theoranta — ☐ Táirgí geirmeacha ☐ Each-ainmhí cláraithe — ☐ Sorcas taistil/seó ainmhí — ☐ Taispeántas — ☐ Teagmhas nó gníomhaíocht gar do theorainneacha ☐ Scaoileadh amach san fhiántas — ☐ Lárionad seolta — ☐ Limistéar an athsheachadta/lárionad íonúcháin — ☐ Feirm dhobharshaothraithe ornáideach ☐ Tuilleadh próiseála — ☐ Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach — ☐ Slándáil theicniúil — ☐ Coraintín nó bunaíocht chomhchosúil ☐ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine — ☐ Pailniú — ☐ Ainmhithe uisceacha beo lena gcaitheamh ag an duine — ☐ Eile				
	I.21 ☐ Le hiompar trí thríú tír Tríú tír — Cód tíre ISO Pointe scoir — Cód BCP Pointe iontrála — Cód BCP				
	I.22 ☐ Le hiompar trí Bhallstát/Bhallstáit Ballstát — Cód tíre ISO Ballstát — Cód tíre ISO Ballstát — Cód tíre ISO		I.23 ☐ Le honnmhairiú Tríú tír — Cód tíre ISO Pointe scoir — Cód BCP		

I.24	**Tréimhse mheasta an turais**	**I.25**	**Loga an turais** ☐ ar fáil ☐ níl sé ar fáil
I.26	**Líon iomlán pacáistí**	**I.27**	**Cainníocht iomlán**
I.28	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**	**I.29**	**Spás iomlán atá á mheas don choinsíneacht**

I.30 Tuairisc ar an gcoinsíneacht

Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht Cineál
An réigiún tionscnaimh		Fuar-stóras		Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas		Cineál cóireála		Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
		An dáta bailithe/táirgthe		Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Tástáil	

AN tAONTAS EORPACH		Samhail deimhnithe CER-INTRA-Y	
	II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Cuid II: Deimhniú

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

II.1. Na hainmhithe den chineál fia [1] de chuid na coinsíneachta ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, comhlíonann siad na ceanglais seo a leanas:

II.1.1. Sainaithnítear iad mar a fhoráiltear in Airteagail 73 nó 74 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún.

II.1.2. Níor léirigh siad aon chomhartha cliniciúil ná aon siomptóm galar a liostaítear d'ainmhithe den chineál fia le linn an scrúdaithe chliniciúil, arna dhéanamh laistigh den tréimhse 24 uair an chloig roimh imeacht na coinsíneachta, an …….. (*cuir isteach an dáta ll/mm/bbbb*).

[2] [II.1.3. Tá sé beartaithe iad a mharú chun críocha díothúcháin galar mar chuid de chlár díothúcháin, mar a fhoráiltear in Airteagal 31(1) nó (2) de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus d'údaraigh an Ballstát cinn scríbe agus, i gcás inarb infheidhme, an Ballstát trasnaithe an ghluaiseacht roimh ré.]

II.2. De réir faisnéis oifigiúil, comhlíonann na hainmhithe den chineál fia sa choinsíneacht ar a dtugtar tuairisc i gCuid I na ceanglais sláinte seo a leanas:

II.2.1. Ní thagann siad ó bhunaíochtaí atá faoi réir srianta gluaiseachta a dhéanann difear don speiceas nó atá suite i gcrios teoranta arna bhunú ar chúiseanna galar a liostaítear le haghaidh ainmhithe den chineál fia.

II.2.2. Tagann siad ó bhunaíochtaí nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas an chonfaidh in ainmhithe talún ar coimeád le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta imeachta na coinsíneachta.

II.2.3. Tagann siad ó bhunaíochtaí nár tuairiscíodh gurbh ann d'antrasc i gcrúbaigh le linn na tréimhse 15 lá roimh dháta imeachta na coinsíneachta.

II.2.4. Tagann siad ó bhunaíochtaí nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta imeachta na coinsíneachta.

II.2.5. Maidir le galar sirg ainsealach (GSA):

[2] cibé acu [II.2.5.1. aistrítear iad ó Bhallstát seachas Ballstát a liostaítear i gCaibidil A, Roinn C, pointe 1.1, d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.]

[2] nó [II.2.5.1. aistrítear iad ón Iorua go dtí an tSualainn nó go dtí an Fhionlainn, agus tá toiliú i scríbhinn tugtha ag údarás inniúil na Sualainne nó na Fionlainne roimh ré maidir leis an ngluaiseacht sin]

[2] nó [II.2.5.1. aistrítear iad ó limistéar a liostaítear i gCaibidil A, Roinn C, pointe 1.2, d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 go limistéar sa tSualainn nó san Fhionlainn, seachas limistéar a liostaítear i gCaibidil A, Roinn C, pointe 1.2, d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán sin, agus tá toiliú i scríbhinn tugtha ag údarás inniúil na Sualainne nó na Fionlainne roimh ré maidir leis an ngluaiseacht sin.]

[2] nó [II.2.5.1. aistrítear iad ó limistéar i mBallstát a liostaítear i gCaibidil A, Roinn C, pointe 1.1, d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, seachas limistéar a liostaítear i gCaibidil A, Roinn C, pointe 1.2, d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán sin, go Ballstát eile a liostaítear i gCaibidil A, Roinn C, pointe 1.1, d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán sin, nó go dtí an Iorua.]

[2][II.2.6. Comhlíontar na ceanglais maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) a leagtar síos in Airteagal 33 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún.]

AN tAONTAS EORPACH	Samhail deimhnithe CER-INTRA-Y

II.3. De réir mar is fearr is eol dom agus mar a dhearbhaigh an t-oibreoir, tagann na hainmhithe ó bhunaíochtaí nach raibh aon mhortlaíocht neamhghnách lena bhfuil cúis neamhchinntithe iontu.

II.4. Déantar socruithe chun an choinsíneacht a iompar i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.

II.5. Tá an deimhniú sláinte ainmhithe seo bailí ar feadh 10 lá tar éis dháta a eisiúna. I gcás ina n-iompraítear ainmhithe ar uiscebhealach/ar muir, féadfar síneadh a chur le tréimhse bhailíochta an deimhnithe ar feadh an turais ar uiscebhealach/ar muir.

[(2) (3)][II.6. Ón dáta a d'fhág siad a mbunaíochtaí tionscnaimh agus roimh an dáta a tháinig siad chuig an mbunaíocht seo arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil, ní dhearnadh níos mó ná dhá oibríocht tionóil ar aon cheann d'ainmhithe na coinsíneachta, agus:

(2) *cibé acu* [tagann siad óna mbunaíochtaí tionscnaimh.]]

(2) *nó* [rinneadh oibríocht tionóil amháin ar cheann amháin ar a laghad d'ainmhithe na coinsíneachta i mbunaíocht fhormheasta.]]

(2) *nó* [rinneadh dhá oibríocht tionóil ar cheann amháin ar a laghad d'ainmhithe na coinsíneachta sna bunaíochtaí formheasta.]]

Fianú leasa ainmhithe

Ag tráth an iniúchta, na hainmhithe a chumhdaítear leis an deimhniú sláinte seo, bhí siad oiriúnach lena n-iompar i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle ar an turas a bhí beartaithe dóibh a bhí le tosú an …… *(cuir isteach an dáta).*

Nótaí:

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú sláinte ainmhithe seo.

Déanfar an deimhniú sláinte ainmhithe seo a chomhlánú i gcomhréir leis na nótaí a bhaineann le comhlíonadh na ndeimhnithe dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.11: "Áit seolta": Sonraigh bunaíocht thionscnamh na n-ainmhithe sa choinsíneacht nó bunaíocht arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil i gcomhréir le hAirteagail 97 agus 99 de Rialachán (AE) 2016/429.

Tagairt bhosca I.12: "Ceann scríbe": Sonraigh bunaíocht cheann scríbe críochnaitheach na coinsíneachta nó bunaíochta arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil i gcomhréir le hAirteagail 97 agus 99 de Rialachán (AE) 2016/429.

Tagairt bhosca I.17: "Doiciméid tionlacain": I gcás ina ndéantar na hainmhithe a sheoladh ó bhunaíocht arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil sa Bhallstát tionscnaimh, féadfar uimhir thagartha nó uimhreacha tagartha an doiciméid oifigiúil nó na ndoiciméad oifigiúil, bunaithe ar cá n-eisítear an deimhniú sláinte ainmhithe le haghaidh na coinsíneachta sa bhunaíocht sin arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil, shonrú.

AN tAONTAS EORPACH	Samhail deimhnithe CER-INTRA-Y

I gcás ina ndéantar na hainmhithe a sheoladh ó bhunaíocht arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil sa Bhallstát trasnaithe, ní mór uimhir thagartha nó uimhreacha tagartha an doiciméid oifigiúil nó na ndoiciméad oifigiúil, bunaithe ar cá n-eisítear an deimhniú sláinte ainmhithe le haghaidh na coinsíneachta sin sa bhunaíocht seo arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil, a shonrú.

Tagairt bhosca I.30: "Uimhir aitheantais": Sonraigh cóid aitheantais na n-ainmhithe sa choinsíneacht a sainaithníodh i gcomhréir le hAirteagail 73 nó 74 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035.

Cuid II:

(1) Is féidir le hainmhí amháin nó níos mó a bheith sa choinsíneacht.

(2) Scrios murab infheidhme.

(3) Is infheidhme i gcás ina seoltar an choinsíneacht ón mbunaíocht arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)	Cáilíocht agus teideal
Ainm an Aonaid Rialaithe Áitiúil	Cód an Aonaid Rialaithe Áitiúil
Dáta	
Stampa	Síniú"